



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Coláiste na hEolaíochta UCD
Scoil Aonad:	Lárionad um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	Cibearanailísí
Tréimhse an Phoist:	Post Sealadach 5 bliana
Grád:	AO1A
Cnuasach poist agus Leibhéal Gairme:	Teicneolaíocht Faisnéise– Leibhéal Gairme 5
Uimh. Thagartha um Jabmheastóireacht:	2017/023
Freagrach do:	Foireann Bainistíochta Clár CCI
Uimhir Thagartha an Chomórtais Uimhir:	Qiong Zhang
Riarthóir AD:	018930

Achoimre ar an bPost:

Ó 2006 i leith, tá tacaíocht theicniúil, oibriúcháin agus straitéiseach á cur ar fáil ag Lárionad um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta UCD (UCD CCI) do raon leathan grúpaí páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil seirbhísí airgeadais; rialtas náisiúnta, agus an pobal forfheidhmithe dlí domhanda. Is é a bhainfidh leis an ról a bheidh ag an gCibearanailísí ná saineolas a sholáthar ar fud na réimsí tacaíochta go léir a mbeidh ardleibhéal inniúlachta ag teastáil uathu sna réimsí seo a leanas:

Teicniúil

Ba cheart go mbeadh leibhéal ard eolais theicniúil a bhaineann le réimsí inar dócha go mbeidh an chibearchoireacht agus an chibearshlándáil ina bpríomhdhúshláin ag sealbhóir an phoist. Mar shampla, beidh eolas maith ar an bhfóiréinsic dhigiteach; imscrúduithe idirlín; imscrúduithe líonra agus ríomhchlárú d’imscrúdaitheoirí uathu. Chomh maith le heolas teicniúil bunúsach, ba cheart go mbeadh saineolas níos doimhne acu i réimse/réimsí sonracha eolais, amhail anailís bogearraí mailíseacha, ailtireacht agus imscrúduithe líonraí cumarsáide/fiontair, innealtóireacht bogearraí, freagairt ar theagmhais, bailiú faisnéise foinse oscailte, etc.

Oibríochtúil

Beifear ag súil go gcuirfidh sealbhóir an phoist le cibearoibríochtaí beo agus ionsamhlaithe agus go mbeidh siad rannpháirteach iontu. Agus iad ag obair le grúpaí páirtithe leasmhara seachtracha, beifear ag súil go ndéanfaidh siad cibearchleachtaí a fhorbairt agus a sheachadadh mar dheiseanna forbartha foirne, agus go mbeidh siad rannpháirteach freisin i gcleachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá deartha chun athléimneacht agus nósanna imeachta práinnfhreagartha a thástáil in ionsaithe ar bhonneagair rithábhachtacha náisiúnta. Beifear ag súil freisin go mbeidh siad rannpháirteach in oibríochtaí beo a chomhordaíonn páirtithe leasmhara slándála, agus é mar chuspóir acu cabhrú le deireadh a chur le gníomhaíocht choiriúil ar líne agus cúiseanna a lua leis an ngníomhaíocht sin. Beifear ag súil go mbeidh tuiscint mhaith ag sealbhóir an phoist ar an timpeallacht oibriúcháin agus go mbeidh léirithuiscint acu ar ról an rannpháirtí neamh-fhorfheidhmithe dlí in oibríochtaí beo, go háirithe maidir leis an dlí, cosaint sonraí agus rúndacht.

Straitéiseach

Beidh tuiscint dhaingean ag teastáil ó shealbhóir an phoist ar na hidirghníomhaíochtaí, na caidrimh agus na líonraí idir earnálacha na bpáirtithe leasmhara. Ceanglófar orthu anailís a dhéanamh ar aschuir imscrúdaithe, oibríochtúla agus taighde chun tuarascálacha comhleanúnacha agus comhtháite a tháirgeadh a bheidh mar bhonn eolais agus mar bhonn le cibearbheartas an rialtais agus a thacóidh le hearnáil na seirbhísí airgeadais chun cibearstraitéisí éifeachtacha a sholáthar do ghnó. Oibreoidh siad go dlúth freisin le LEAnna Eorpacha ar thaighde ar chibearbhagairtí, agus iad ag seachadadh réitigh éifeachtacha agus torthaí nithiúla i bhfoirm moltaí dea-chleachtais, bogearraí, crua-earraí agus cláir oiliúna.

Tuarastal: 95 Oifigeach Riaracháin 1a 2013 (2010) Scála Tuarastail: €71,317 - €83,337 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis phinsin ar fáil ag: <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe leo. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag: <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Oibriú le grúpaí páirtithe leasmhara seachtracha ar réitigh theicniúla, oibríochtúla agus straitéiseacha chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta.
- Acmhainní a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh cibir-réitigh a bhféadfadh foilseacháin, bogearraí, ábhair oiliúna, cibearchleachtaí etc. a bheith i gceist leo.
- Líonraí comhoibríocha a bhunú le LEAnna agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha chun cuspóirí an Lárionaid a bhaint amach.
- Oibriú go héifeachtach thar thionscadail iolracha lena mbaineann freagrachtaí iolracha agus spriocdhátaí iolracha
- Dualgais eile de réir mar a éilíonn Ceannaire an Lárionaid um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta UCD.

Critéir Roghnúcháin:

Tá Creatlach do Chnuasaigh Phoist ag UCD, agus tá an ról seo mar chuid den **Chnuasach Poist um Theicneolaíocht Faisnéise, agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 5**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na croí-inniúlachtaí leagtha amach sa Creatlach do Chnuasaigh Phoist ar fáil ag: <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- De ghnáth, taithí ghairmiúil 5-6 bliana ag obair i ról a bhaineann le TF in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus cáilíocht tríú leibhéal a bhaineann le TF.
- Taithí inléirithe ar dhearadh agus ar sheachadadh cleachtaí boird do pháirtithe leasmhara ábhartha.
- Caithfidh iarrthóirí feachtas ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Bonneagar agus Néal (Leibhéal Inniúlachta 3):** Cumas údaráis theicniúil den scoth agus eolas ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas, mar aon le tuiscint dhomhain ar fhreagairt ar theagmhais agus ar aisghabháil fianaise: Linux OS, Unix OS, Windows OS, Gléasanna Móibíleacha, Bainistíocht Freastalaithe Fíorúla, Bainistíocht SAN, LDAP, AD, AWS, Azure, HPC, Gsuite.
- **Ríomhchlárú agus Forbairt Gréasán (Leibhéal Inniúlachta 3):** Údarás teicniúil den scoth agus eolas ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: C++, Python, Bash Scripting, SQL, PL/SQL, Javascript, HTML, Dearadh Comhéadain Úsáideora, Córais Bainistíochta Inneachair, saincheisteanna agus treoirlínte maidir le hInrochtaineacht, agus forbairt Agile.
- **Oideolaíocht (Leibhéal Inniúlachta 3):** Cumas suntasach eolas ar straitéisí oideolaíocha a chur i bhfeidhm ar úsáid chruthaitheach na teicneolaíochta chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.

Croíchumais

- **Pleanáil agus Eagrú (Leibhéal Inniúlachta 4):** Ardchumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschuir a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.
- **Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Inniúlachta 4):** Cumas fíorfhobartha chun tuiscint ar UCD ina iomláine a léiriú, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin, agus tuiscint a léiriú ar Thírdhreach an Ardoideachais ina oibríonn UCD.
- **Caidrimh a Thógáil (Leibhéal Inniúlachta 3):** Sárchumas chun caidrimh éifeachtacha oibre a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus, ar bhonn níos leithne, comhoibriú agus comhair a spreagadh le daoine eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Inniúlachta 3):** Cumas suntasach maidir lena chinntiú go bhfuil spriocanna, aidhm agus critéir ratha an chlár nó an tionscadail sainithe go soiléir ag an tús. Tógtar mionphleananna tionscadail, agus déantar monatóireacht chúramach ar dhul chun cinn ina leith.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 3):** Cumas sármaith chun cur chuige dearfach a bheith acu agus iad ag dul i ngleic leis an obair agus ag glacadh le hathrú, chun timpeallacht nuálaíochta a bhíonn ag athrú i gcónaí a chothú agus chun rannpháirtíocht chuí páirtithe leasmhara a chinntiú i dtaca le clár/tionscadail athraithe.
- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú (Leibhéal Inniúlachta 1):** Cumas maith tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, freagairt ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus ionchais a bhainistiú.

Inmhianaithe:

- Taithí ar bheith ag obair laistigh de thimpeallacht oibriúcháin.
- Eolas ar an reachtaíocht um chosaint sonraí.
- Eolas ar an dlí maidir le cionta cibearchoireachta.
- Taithí i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm samhlacha IS (Intleacht Shaorga).

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/about-ucd/
Straitéis UCD 2030	https://strategy.ucd.ie/
Coláiste na hEolaíochta UCD:	https://www.ucd.ie/science/
Lárionad um Chibearshlándáil agus Imscrúdú Cibearchoireachta UCD:	https://www.ucd.ie/ccl/
Eile (<i>Sonraigh le do thoil</i>):	N/B

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Dr. Ray Genoe
Teideal:	Stiúrthóir an Lárionaid
Seoladh r-phoist:	Ray.Genoe@ucd.ie
Fón:	N/B